RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/611 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Márta 2023

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 88/97 maidir le húdarú a thabhairt d'allmhairí páirteanna áirithe rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ón leathnú le Rialachán (CE) Uimh. 71/97 ón gComhairle ar an dleacht frithdhumpála a fhorchuirtear le Rialachán (CEE) Uimh. 2474/93 ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ("an bun-Rialachán"),

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 71/97 ón gComhairle an 10 Eanáir 1997 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchuirtear le Rialachán (CEE) Uimh. 2474/93 ar rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne chun allmhairí páirteanna áirithe rothair ó Dhaon-Phoblacht na Síne a áireamh, agus lena dtoibhítear an dleacht leathnaithe ar allmhairí den sórt sin atá cláraithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 703/96 ([2]) agus go háirithe Airteagal 3 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá feidhm faoi láthair ag dleacht frithdhumpála ('an dleacht leathnaithe') ar allmhairí isteach san Aontas de pháirteanna riachtanacha rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("an PRC") mar thoradh ar an leathnú le Rialachán (CE) Uimh. 71/97.

(2) De bhun Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 71/97, ba cheart scéim díolúine a bhunú chun díolúine a údarú maidir le hallmhairí páirteanna riachtanacha rothair nach dtéann timpeall ar an dleacht frithdhumpála ("an Scéim Díolúine"). Déantar an Scéim Díolúine a rialú le hAirteagal 13(4) den bhun-Rialachán. Faoin Scéim Díolúine díolmhaítear comhghabhálaithe nach bhfuil páirteach i gcleachtais a théann timpeall ar an mbeart frithdhumpála ar rothair chun páirteanna rothair ón tSín a allmhairiú saor ó dhleacht frithdhumpála.

(3) Rinneadh foráil maidir leis an gcreat dlíthiúil chun an Scéim Díolúine a oibriú i Rialachán (CE) Uimh. 88/97 ón gCoimisiún ([3]) ("an Rialachán Díolúine") arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 512/2013 ón gCoimisiún ([4]), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/831 ón gCoimisiún ([5]) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1296 ón gCoimisiún ([6]).

(4) Faoi mar a fhoráiltear in aithris (44) de Rialachán (CE) Uimh. 71/97, coinníonn an Coimisiún an córas díolúine faoi athbhreithniú i gcónaí ionas gur féidir é a oiriúnú nuair is gá chun an taithí a fuarthas trí oibriú an chórais sin a chur san áireamh.

(5) Is é is cuspóir don Rialachán Cur Chun Feidhme seo ón gCoimisiún lena leasaítear an Rialachán Díolúine an Rialachán sin a oiriúnú agus a fheabhsú bunaithe ar an taithí agus na forbairtí is déanaí a tharla tar éis an leasaithe is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1296 ón gCoimisiún.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) IO L 16, 18.1.1997, lch. 55.
([3]) Rialachán (CE) Uimh. 88/97 ón gCoimisiún an 20 Eanáir 1997 maidir le húdarú a thabhairt i gcás allmhairí páirteanna áirithe rothar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ón leathnú le Rialachán (CE) Uimh. 71/97 ón gComhairle ar an dleacht frithdhumpála a fhorchuirtear le Rialachán (CEE) Uimh. 2474/93 ón gComhairle (IO L 17, 21.1.1997, lch. 17).
([4]) IO L 152, 5.6.2013, lch. 1.
([5]) IO L 132, 29.5.2015, lch. 32.
([6]) IO L 303, 17.9.2020, lch. 20.

(6) D'fhonn deimhneacht dhlíthiúil agus trédhearcacht a fheabhsú, ba cheart an sainmhíniú ar "ghabhálaí" a chur isteach agus ba cheart coigeartuithe foirmiúla eile a thabhairt isteach chun foclaíocht an Rialacháin Díolúine a chuíchóiriú agus chun na tagairtí do ghníomhartha eile de chuid an Aontais a thabhairt cothrom le dáta don leagan is déanaí díobh, lena n-áirítear struchtúr TARIC a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

(7) Thairis sin, ba cheart Iarscríbhinn I lena liostaítear na páirtithe faoi scrúdú de bhun Airteagal 6 den Rialachán díolúine agus Iarscríbhinn II lena liostaítear na páirtithe faoi scrúdú de bhun Airteagal 7 den Rialachán díolúine a nuashonrú. Mar sin féin, tráth ghlacadh an Rialacháin seo, tá na páirtithe a liostaítear faoi chód breise TARIC 8605, A576 agus C009 faoi réir athmheasúnaithe ar an údarú díolúine a bronnadh orthu. Beidh toradh an athmheasúnaithe sin faoi réir acht dlíthiúil ar leithligh.

(8) Faoin Scéim Díolúine, mar a leagtar amach in Airteagal 5(2) den Rialachán Díolúine, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát íocaíocht na dleachta leathnaithe a chur ar fionraí faoi réir ráthaíocht na dleachta leathnaithe a sholáthar. Mar sin féin, níl an fhoráil seo éigeantach agus ón taithí a fuarthas trí Scéim na Díolúine a chur chun feidhme, tugann an Coimisiún dá aire go gcruthaíonn sé sin fadhbanna féideartha maidir le hidirdhealú agus bearnaí maidir le forálacha an Rialacháin Díolúine a fhorfheidhmiú.

(9) I bhfianaise an mhéid sin, measann an Coimisiún gur gá foráil éigeantach ráthaíochta a thabhairt isteach i gcás ina dtugtar fionraí lena n-áirithítear cóir chomhionann agus forfheidhmiú cuí.

(10) Ina theannta sin, i gcás ina dtarraingíonn an t-iarratasóir siar an iarraidh ar dhíolúine ("an iarraidh"), nó i gcás ina gcinnfear ina dhiaidh sin go bhfuil an iarraidh do-ghlactha nó go ndiúltófar di, ní fhéadfar an dleacht leathnaithe atá faoi réir fionraí a aisghabháil. Go háirithe, ní rialaítear éifeachtaí tharraingt siar na hiarrata go sonrach sa Rialachán Díolúine arna leasú. Measann an Coimisiún gur cheart, le foráil éigeantach na ráthaíochta, go n-áiritheofaí aisghabháil na dleachta leathnaithe freisin i gcásanna ina mbeidh an iarraidh neamh-inghlactha, diúltaithe agus aistarraingthe ina dhiaidh sin.

(11) Ina theannta sin, measann an Coimisiún gurb iomchuí rialáil a dhéanamh go sainráite ar éifeachtaí tharraingt siar na hiarrata. Dá bhrí sin, i gcás tarraingthe siar, ba cheart a mheas nár taisceadh an iarraidh agus ba cheart íocaíocht na dleachta leathnaithe a chur ar fionraí. Bheadh an cur chuige sin cosúil le hAirteagal 5(8) den bhun-Rialachán.

(12) I gcomhar leis sin, measann an Coimisiún thairis sin gurb iomchuí béim a chur ar éifeachtaí sealadacha na fionraí, i gcomparáid le héifeachtaí fadtéarmacha na díolúine. Chuige sin, ba cheart tagairtí do dhíolúine a chúpláil nó tagairtí do fhionraí a chur ina n-ionad, i gcás inar gá.

(13) Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an taithí a fuarthas le linn na Scéime Díolúine a fheidhmiú, measann an Coimisiún gur gá leasuithe áirithe a thabhairt isteach chun feidhmiú cuí agus forfheidhmiú na scéime a áirithiú.

(14) Ar an gcéad dul síos, tugann an Coimisiún dá aire go bhforáiltear leis an Rialachán Díolúine go bhféadfaí iarratas a dhéanamh arís ar an Scéim Díolúine tar éis 12 mhí ó dhiúltú d'iarraidh nó ó chúlghairm na díolúine. Níl an tréimhse ama sin fada go leor chun an oibríocht cóimeála a ailíniú leis na coinníollacha chun tairbhe a bhaint as an Scéim Díolúine, go háirithe iad siúd a liostaítear in Airteagal 4, in Airteagal 5 agus in Airteagal 8.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán Díolúine do thréimhse ama níos faide 36 mhí ar a laghad sular féidir le hiarratasóir iarraidh ar dhíolúine a chur isteach an athuair. Thairis sin, ba cheart feidhm a bheith ag an tréimhse fordhúnta 36 mhí maidir le hiarrataí a diúltaíodh ag céim na hinghlacthachta.

(16) Ina theannta sin, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh an fhéidearthacht ann a fhíorú go gcomhlíonann páirtithe díolmhaithe rialacha frithimchéimniúcháin i ndáil le páirteanna riachtanacha rothair a allmhairiú.

(17) Dá bhrí sin, ba cheart go gceanglófaí leis an Rialachán Díolúine ar pháirtithe díolmhaithe nó ar pháirtithe atá faoi scrúdú taifead a choinneáil ar na páirteanna riachtanacha rothair a sheachadtar dóibh, agus ar an úsáid a bhaintear as na páirteanna sin, ar feadh tréimhse is faide ná na 3 bliana dá bhforáiltear faoi láthair, a chomhfhreagraíonn do 5 bliana ar a laghad. Chuimseofaí leis an gcreat ama sin fad na n-imscrúduithe frith-imchéimniúcháin agus na n-imeachtaí eile i réimsí éagsúla beartais, amhail imeachtaí custaim nó frith-chalaoise.

(18) Maidir le forfheidhmiú, tugann an Coimisiún dá aire, nuair a thionscnaítear athbhreithniú ar an bpáirtí díolmhaithe, go bhfuil an díolúine fós i bhfeidhm le linn na n-imeachtaí athbhreithnithe. I gcás ina gcúlghairfear an díolúine, ní féidir an dleacht leathnaithe nár íocadh le linn an athbhreithniúcháin a aisghabháil.

(19) Dá bhrí sin, i gcás den sórt sin, ba cheart a shonrú sa Rialachán Díolúine gur cheart allmhairí de pháirteanna riachtanacha rothair de chuid na bpáirtithe atá faoi athbhreithniú a bheith faoi réir clárúcháin le linn na tréimhse a ndéantar an t-imscrúdú ar athbhreithniú, go dtí go bhfaighfear torthaí an athbhreithnithe sin, chun a áirithiú go bhféadfaí bearta a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin ar na hallmhairí sin ó dháta clárúcháin den sórt sin ar aghaidh, más rud é go ndéantar an díolúine a chúlghairm mar thoradh ar an athbhreithniú.

(20) Tugann an Coimisiún dá aire freisin, nuair a chinntear go bhfuil páirtí díolmhaithe ag dearbhú go míchruinn gur de thionscnamh na Síne atá na táirgí, go bhfuil tionchar díreach aige sin ar chomhlíonadh oibleagáidí páirtithe díolmhaithe, go háirithe na hoibleagáidí faoi Airteagal 8 den Rialachán Díolúine.

(21) Dá bhrí sin, i gcásanna den sórt sin, ba cheart go bhforálfaí leis an Scéim Díolúine do thionscnamh athbhreithnithe ar an díolúine arna deonú do pháirtí ar cinneadh gur dhearbhaigh sé go míchruinn gur de thionscnamh na Síne atá páirteanna allmhairithe rothar.

(22) Ina theannta sin, ba cheart go ndéanfaí an díolúine a chúlghairm mar thoradh ar dhearbhuithe míchearta custaim arís agus arís eile maidir le haon chodanna rothair ag páirtí díolmhaithe.

(23) Ba cheart díolúine a chúlghairm freisin nuair a fhaightear amach go bhfuil páirtí díolmhaithe páirteach i gcleachtais a théann timpeall ar an dleacht leathnaithe, *inter alia* tríd an mbonn a bhaint d'éifeachtaí ceartaitheacha na dleachta trí chainníochtaí suntasacha a allmhairiú. Tugann Airteagal 14(c) den Rialachán Díolúine le tuiscint go mbainfear an bonn d'éifeachtaí ceartaitheacha na dleachta nuair a dhearbhaíonn páirtí 300 aonad nó níos mó in aghaidh gach cineál páirteanna riachtanacha rothair le haghaidh saorchúrsaíochta nó nuair a sheachadtar don pháirtí iad.

(24) Chun deimhneacht dhlíthiúil agus trédhearcacht a áirithiú, ba cheart an tairseach sin a shoiléiriú sa Rialachán Díolúine.

(25) Thairis sin measann an Coimisiún gurb iomchuí léirmhíniú na tairsí a bhunaítear in Airteagal 14(c) a shoiléiriú. I ndáil leis sin, leis an tairseach de níos lú ná 300 aonad de réir chineál na gcodanna riachtanacha rothar ar bhonn míosúil ba cheart tagairt a dhéanamh don mheán míosúil aonad de chodanna riachtanacha rothar le linn tréimhsí 12 mhí dar tús dáta theacht i bhfeidhm an údaraithe úsáide deiridh ábhartha. In aon chás, ní féidir iomlán tréimhse amháin nó níos mó tréimhsí a bheith níos faide ná tréimhse bhailíochta an údaraithe úsáide deiridh ábhartha.

(26) Maidir le húdaruithe úsáide deiridh arna ndeonú ag údaráis ábhartha na mBallstát, tugann an Coimisiún dá aire go mbainfeadh páirtí díolmhaithe nach sroicheann an tairseach chun an Scéim Díolúine thuasluaite a chur i bhfeidhm tairbhe fós as an díolúine a deonaíodh, in ainneoin nach gcomhlíonann sé ceann de na ceanglais maidir le hinghlacthacht na hiarrata.

(27) Dá bhrí sin, ba cheart go gceadófaí leis an Rialachán Díolúine go ndéanfaí díolúintí a chúlghairm do pháirtithe a bhfuil a n-allmhairí faoi bhun na tairsí a luaitear in Airteagal 14(c) den Rialachán Díolúine.

(28) Ina theannta sin, is féidir le páirtí atá faoi scrúdú, de réir na rialacha atá ann faoi láthair, iarratas a dhéanamh ar údarú úsáide deiridh agus tairbhe a bhaint as an dá stádas, in ainneoin go bhfuil an dá uirlis comheisiatach.

(29) Dá bhrí sin, ba cheart go n-eisiafadh catagóir na bpáirtithe atá incháilithe d'údarú úsáide deiridh páirtí díolmhaithe agus páirtí faoi scrúdú faoin Scéim Díolúine.

(30) Thairis sin measann an Coimisiún gur fiú a thabhairt chun cuimhne gur soiléiríodh le Rialachán (AE) Uimh. 512/2013 ón gCoimisiún dá dtagraítear in aithris (3) nach bhfuil codanna rothar a úsáidtear chun rothair a bhfuil mótar cúnta feistithe a orthu a chóimeáil faoi réir na dleachta frithdhumpála ná na dleachta frithdhumpála leathnaithe agus dá bhrí sin tá oibríochtaí cóimeála na rothar sin lasmuigh de raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 71/97 agus de raon feidhme an Rialacháin Díolúine freisin dá réir sin.

(31) Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta lena rialaítear gníomhartha cur chun feidhme, lena n-áirítear in imeachtaí cosanta trádála, ba cheart a lua sa Rialachán Díolúine gur cheart gur rialachán ón gCoimisiún arna ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) a bheadh sa chinneadh chun an t-imscrúdú athbhreithnithe a thabhairt chun críche.

(32) I gcomhréir le prionsabal an dea-riaracháin, beidh feidhm a luaithe is féidir ag na leasuithe ar an Rialachán Díolúine dá bhforáiltear sa Rialachán seo maidir le gach imscrúdú nua agus le gach imscrúdú atá ar feitheamh.

(33) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 88/97 a leasú dá réir sin.

(34) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 88/97 mar a leanas:

(1) In Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sainmhínithe ar "dhleacht leathnaithe", "oibríocht cóimeála" agus "páirtí díolmhaithe" faoi seach:

"— ciallaíonn 'dleacht leathnaithe'an dleacht frithdhumpála a fhorchuirtear le Rialachán (CEE) Uimh. 2474/93, arna leathnú le hAirteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 71/97 (dá ngairtear 'an Rialachán Tagartha' anseo feasta), agus arna coimeád ag Rialacháin ina dhiaidh sin,"

"— ciallaíonn 'oibríocht cóimeála' oibríocht ina ndéantar páirteanna riachtanacha rothair a thabhairt isteach chun rothair nó páirteanna rothair a chóimeáil nó a chríochnú,"

"— ciallaíonn 'páirtí díolmhaithe' aon pháirtí ar suíodh go dtagann a chuid oibríochtaí cóimeála lasmuigh de raon feidhme Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 (*) agus atá díolmhaithe de bhun Airteagal 7 nó Airteagal 12 den Rialachán seo,

(*) Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (IO L 176, 30.6.2016, lch. 21)."

(2) Cuirtear an sainmhíniú ar "chomhghabhálaí" le hAirteagal 1 mar a leanas:

"— ciallaíonn 'comhghabhálaí' aon pháirtí a dhéanann oibríocht cóimeála,"

(3) Cuirtear an sainmhíniú ar 'éifeacht cheartaitheach beart' le hAirteagal 1 mar a leanas:

"— i dtéarmaí cainníochtaí, ciallaíonn 'tá an bonn á bhaint d'éifeachtaí ceartaitheacha an bhirt', dá dtagraítear in Airteagal 13(2)(c) de Rialachán (AE) 2016/1036, go sáraíonn díolacháin na dtáirgí a thagann as na hoibríochtaí cóimeála 299 rothar nó 299 n-aonad de chineál aonair codanna riachtanacha rothair ar bhonn míosúil."

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Airteagal 2:

"*Airteagal 2*

Allmhairí a dhíolmhú agus a chur ar fionraí ón dleacht leathnaithe".

([7]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2(2):

"2. Cuirfear íocaíocht na dleachta leathnaithe ar allmhairí páirteanna riachtanacha rothair ar fionraí i gcás ina ndearbhóidh páirtí a bheidh faoi scrúdú iad le haghaidh saorchúrsaíochta, nó ina ndearbhófar sin thar ceann an pháirtí a bheidh scrúdú."

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tseolta a shonraítear in Airteagal 3(1):

"An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na Trádála
Stiúrthóireacht G Cosaint Trádála
Rue de la Loi/Wetstraat 200
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: trade-bicycle-parts@ec.europa.eu"

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3(2):

"2. Ar iarraidh a fháil dó, admhóidh an Coimisiún láithreach go bhfuarthas an iarraidh."

(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4(1) (b):

"(b) tugann sé fianaise *prima facie* go dtagann oibríochtaí cóimeála an iarratasóra lasmuigh de raon feidhme Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) 2016/1036; agus"

(9) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4(1)(c):

"(c) nár diúltaíodh údarú díolúine de bhun an Airteagail seo nó Airteagal 7(3) nó (4), don iarratasóir laistigh de na 36 mhí roimh an iarraidh, ná nár cúlghaireadh díolúine de bhun Airteagal 10."

(10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4(4):

"4. I gcás ina measfar iarraidh a bheith neamh-inghlactha, diúltófar í le Cinneadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 13(4) de Rialachán (AE) 2016/1036."

(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

"1. Amhail ón dáta a bhfaighfear iarraidh a dearbhaíodh a bheith inghlactha de bhun Airteagal 4, agus go dtí go ndéanfar cinneadh maidir lena fiúntas de bhun Airteagal 6 agus Airteagal 7, cuirfidh an páirtí atá faoi scrúdú íocaíocht an fhéich chustaim i leith na dleachta sínte de bhun Airteagal 2(1) den Rialachán Tagartha ar fionraí i ndáil le haon allmhairiú páirteanna riachtanacha rothair a dhearbhaigh an páirtí atá faoi scrúdú le haghaidh saorchúrsaíochta. Déantar tréimhse nach lú ná 6 mhí roimh an iarraidh a fháil a chur san áireamh d'fhonn a shuíomh go gcomhlíontar, *prima facie*, na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4(1) agus (2).

2. Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát íocaíocht na dleachta leathnaithe a chur ar fionraí faoi réir ráthaíocht na dleachta leathnaithe a sholáthar i gcomhréir le Teideal III, Caibidil 2 de Chód Custaim an Aontais (*), i gcás ina meastar an iarraidh a bheith neamh-inghlactha ina dhiaidh sin de bhun Airteagal 4(4), arna tarraingt siar de bhun Airteagal 7(5), nó i gcás ina ndiúltaítear í de bhun Airteagal 7(3) nó (4)."

(*) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

(12) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6(2):

"2. Áiritheoidh aon pháirtí a bheidh faoi scrúdú go ndéanfar, tráth ar bith, páirteanna riachtanacha rothair a dhearbhaíonn sé le haghaidh saorchúrsaíochta a úsáid ina oibríochtaí cóimeála, nó ina chóimeáil de tháirgí eile, a scriosadh nó a ath-onnmhairiú. Coimeádfaidh sé taifid ar na páirteanna riachtanacha rothair a sheachadfar dó — agus ar an úsáid a bhaintear astu. Coinneofar na taifid sin go ceann 5 bliana ó dháta na fionraí. Cuirfear na taifid agus aon fhianaise agus faisnéis bhreise is gá in iúl don Choimisiún arna iarraidh sin dó."

(13) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

"1. I gcás ina léiríonn na fíorais, faoi mar a fhionnfar ar deireadh iad, nach dtagann oibríochtaí cóimeála an iarratasóra faoi raon feidhme Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) 2016/1036, údarófar díolúine an iarratasóra ón dleacht leathnaithe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 13(4) de Rialachán (AE) 2016/1036.

2. Beidh éifeacht chúlghabhálach ag an gcinneadh ón dáta a bhfaighfear an iarraidh chuí-réasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 4(1). Measfar fiach custaim an iarratasóra de bhun Airteagal 2(1) den Rialachán Tagartha a bheith ar neamhní ón dáta sin.

3. I gcás nach gcomhlíonfar na critéir i ndáil le díolúine, diúltófar an iarraidh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 13(4) de Rialachán (AE) 2016/1036 agus cuirfear deireadh le fionraí íocaíocht na dleachta leathnaithe dá dtagraítear in Airteagal 5.

4. Féadfaidh aon sárú ar oibleagáidí faoi Airteagal 6(2) nó aon dearbhú bréagach a bhaineann le cinneadh a bheith ina chúis le diúltú don iarraidh.

5. I gcás ina dtarraingítear siar iarraidh ar dhíolúine, measfar nár taisceadh í agus déanfar fionraí íocaíocht na dleachta leathnaithe dá dtagraítear in Airteagal 5 a thógáil."

(14) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8(1)(a):

"(a) fanann a cuid oibríochtaí cóimeála lasmuigh de raon feidhme Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) 2016/1036;"

(15) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8(2):

"2. Déanfaidh páirtí díolmhaithe taifid a choimeád ar na páirteanna riachtanacha rothair a bhfaighidh sé seachadadh díobh agus ar an úsáid a bhaintear astu. Coinneoidh sé na taifid sin agus an fhianaise tacaíochta iomchuí ar feadh 5 bliana. Cuirfear na taifid sin ar fáil don Choimisiún arna iarraidh sin dó."

(16) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

1. Féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin, athbhreithniú a dhéanamh ar chás páirtí díolmhaithe chun a fhíorú go n-urramaíonn sé a oibleagáidí faoi Airteagal 8, lena n-áirítear aon ábhair a bhaineann leis sin.

2. Is éard a bheidh in athbhreithniú scrúdú a chumhdaíonn tréimhse a d'fhéadfadh a bheith níos giorra ná 6 mhí.

3. Cuirfear tús le hathbhreithniú le rialachán ón gCoimisiún tar éis na Ballstáit a chur ar an eolas. Amhail ón dáta a ndéanfar an t-athbhreithniú a thionscnamh, clárófar allmhairí ón bpáirtí atá faoi athbhreithniú de bhun Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán, chun a áirithiú go bhféadfaí bearta a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin ar na hallmhairí sin ón dáta clárúcháin den sórt sin.

4. Má ghabhann páirtí díolmhaithe do dhearbhú míchruinn custaim ar pháirteanna riachtanacha rothar de thionscnamh na Síne, féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú a thionscnamh de réir bhrí na chéad mhíre.

5. Is é an Coimisiún a dhéanfaidh an t-imscrúdú. Féadfaidh údaráis chustaim cúnamh a thabhairt don Choimisiún agus tabharfar an t-imscrúdú i gcrích le rialachán ón gCoimisiún ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(3) de Rialachán (AE) 2016/1036.

(17) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

"Cúlghairfear díolúine i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 13(4) de Rialachán (AE) 2016/1036, tar éis deis a thabhairt don pháirtí díolmhaithe barúil a thabhairt:

— i gcás inar léirigh athbhreithniú go dtagann oibríochtaí cóimeála an pháirtí díolmhaithe faoi raon feidhme Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) 2016/1036, nó

— i gcás nach mbeidh an páirtí díolmhaithe ag úsáid páirteanna riachtanacha rothair le haghaidh na n-oibríochtaí cóimeála i gcainníochtaí is airde ná an tairseach atá leagtha amach in Airteagal 14(c), lena n-áirítear i gcás inar foirceannadh an páirtí nó inar scoir sé ar shlí eile dá oibríochtaí cóimeála, nó

— ar aon nós, i gcás ina ndéanfar aon pháirt rothair a dhearbhú arís agus arís eile ó thaobh custaim de, nó

— i gcás sárú ar oibleagáidí an pháirtí de bhun Airteagal 8, nó

— i gcás easpa comhair tar éis an cinneadh díolúine a ghlacadh."

(18) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13:

"Na forálacha ábhartha de Rialachán (AE) 2016/1036 maidir leis an méid seo a leanas:

— imscrúduithe a sheoladh (Airteagal 6(2), (3), (4) agus (5)),

— cuairteanna fíorúcháin (Airteagal 16),

— neamh-chomhoibriú (Airteagal 18), agus

— rúndacht (Airteagal 19),

beidh feidhm aige maidir le scrúduithe de bhun an Rialacháin seo."

(19) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre d'Airteagal 14:

"I gcás ina ndéanfaidh duine seachas páirtí díolmhaithe nó páirtí faoi scrúdú de bhun Airteagal 5 páirteanna riachtanacha rothair a allmhairiú le haghaidh saorchúrsaíochta, amhail ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin Thagartha, díolmhófar iad ó chur i bhfeidhm na dleachta leathnaithe má dhearbhaítear iad i gcomhréir le struchtúr TARIC in Iarscríbhinn III agus faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 254 de Chód Custaim an Aontais, a mbeidh feidhm *mutatis mutandis* acu, más rud é:"

(20) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14(b):

"(b) go ndéantar na páirteanna riachtanacha rothair a sheachadadh do shealbhóir údaraithe eile don nós imeachta úsáide deiridh de réir bhrí Airteagal 254 de Chód Custaim an Aontais; nó"

(21) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte d'Airteagal 14(c):

"ar bhonn míosúil, dearbhaíonn páirtí níos lú ná 300 aonad ar an meán de réir gach cineál codanna riachtanacha rothair le haghaidh saorchúrsaíochta nó seachadtar don pháirtí sin iad. Ní rachaidh an teorainn ama chun an meán sin a ríomh thar 12 mhí, i gcás ina dtosaíonn an chéad tréimhse ó dháta theacht i bhfeidhm an údaraithe úsáide deiridh lena mbaineann, agus ní rachaidh sé thar a thréimhse bhailíochta i gcás ar bith."

(22) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15(2):

"2. I gcás ina bhfaighfear amach gur dhearbhaigh na páirtithe dá dtagraítear i mír 1 páirteanna riachtanacha rothar le haghaidh saorchúrsaíochta nó go bhfuair siad seachadtaí de chainníochtaí de pháirteanna riachtanacha rothar os cionn na tairsí a leagtar amach in Airteagal 14(c), nó i gcás nach gcomhoibreoidh siad leis an scrúdú, ní mheasfar a thuilleadh go bhfuil siad lasmuigh de raon feidhme Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) 2016/1036, agus déanfar aon údarú díolúine arna dheonú do na páirtithe sin a chúlghairm go cúlghabhálach. Tar éis deis a thabhairt don pháirtí lena mbaineann a bharúil a thabhairt, cuirfear na torthaí sin in iúl d'údaráis inniúla na mBallstát."

(23) In Airteagal 15(3), cuirtear an focal “déanfaidh” in ionad “féadfaidh”.

(24) In Airteagal 18, cuirtear an focal “*Aontas*” in ionad an fhocail “*Comhphobail*”.

(25) Cuirtear Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III.

(26) Aisghairtear Iarscríbhinn IV.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige maidir le gach páirtí saortha amhail ar a theacht i bhfeidhm. Chun amhras a sheachaint, níl feidhm ag na hoibleagáidí a tugadh isteach de bhun Airteagal 1(15) ach amháin maidir le taifid atá i seilbh páirtithe a bhí díolmhaithe roimhe sin 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Márta 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Páirtithe faoi scrúdú

Cód breise TARIC	Ainm	Seoladh	Dáta do ghabháil éifeachta
C557	Berria Bike SL	Calle Blasco de Garay 19, 02600 Villarrobledo, an Spáinn	30.3.2022
C720	Propain Bicycles GmbH	Schachenstraße 39, 88267 Vogt, an Ghearmáin	1.7.2021
C860	Profil Bicycles CZ s.r.o.	Hněvotín 31, 783 47 Hněvotín, Poblacht na Seice	20.2.2022
C863	Decathlon Sp. Z.o.o.	ul. Geodezyjna 76, 03-290 Warszawa, an Pholainn	21.3.2022

IARSCRÍBHINN II

Liosta nuashonraithe na bpáirtithe díolmhaithe

Cód breise TARIC	Ainm	Seoladh	Dáta do ghabháil éifeachta
8005	Gruppo Bici S.p.A.	Via Pitagora 15, 47521 Cesena (FO), an Iodáil	27.2.1998
8062	Nikos Maniatopoulos S.A.	Kosti Palama & Solonos, 26504 Agios Vasileios-Patras, an Ghréig	22.1.1997
8065	Arcade Cycles	78 Impasse Philippe Gozola ZA Acti Est Parc Eco, 85000 La Roche-sur-Yon, an Fhrainc	27.1.1997
8068	Cicli Esperia S.p.a.	Viale Enzo Ferrari 8/10/12 30014 Cavarzere (VE), an Iodáil	30.1.1997
8069	Orbea S. Coop Ltd.	Poligono Industrial Goitondo s/n, 48269 Mallabia-Bizkaia, an Spáinn	31.1.1997
8071	Yakari S.p.A.	Via Kennedy 44, 25028 Verolanuova (BS), an Iodáil	6.2.1997
8073	Van den Berghe N.V.	Industriepark noord 24, 9100 Sint-Niklaas, an Bheilg	11.2.1997
8075	Alpina di Montevecchi Manolo & C. s.a.s.	Via Archimede 485, 47521 Cesena (FO), an Iodáil	13.2.1997
8078	Jan Janssen Fietsen B.V.	Voltweg 11, 4631SR Hoogerheide, an Ísiltír	19.2.1997
8079	F.I.V. Edoardo Bianchi S.p.A.	Via delle Battaglie 5, 24047 Treviglio (BG), an Iodáil	20.2.1997
8080	Etablissements Savoye et Cie	Rue de l'industrie, 01470 Serrières de Briord, an Fhrainc	5.3.1997
8081	Scout s.n.c	Via Pogliano 36, 20020 Lainate (MI), an Iodáil	6.3.1997
